


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta** | Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar |
| **Scoil \| Aonad** | Taighde UCD |
| **Teideal an Phoist & Réimse Ábhair** *(más ábhartha)* | **Cúntóir Pearsanta don Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar** |
| **Tréimhse an Phoist** | Post sealadach 3 bliana<br>(Ina theannta sin, Painéal 12 mhí do phoist lánaimseartha sealadacha de thréimhsí éagsúla a bheidh folamh ina dhiaidh sin) |
| **Grád** | Cúntóir Feidhmiúcháin Sinsearach |
| **Scála Tuarastail** | €47,203 - €57,399 in aghaidh na bliana |
| **Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme** | Bainistíocht agus Riarachán Taighde & Nuálaíochta – Leibhéal Gairme 2 |
| **Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist** | 2013/039 |
| **Bainisteoir Líne** | Bainisteoir Ginearálta, Taighde UCD nó ainmní |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais** | 019694 |
| **Riarthóir Acmhainní Daonna** | Nicole Johnston |
| **Iarratais agus Dáta Deiridh** | https://www.ucd.ie/workatucd/jobs/ |
| **Incháilithe do Chead Oibre** | Níl |

## Achoimre ar an bPost:

Is í UCD an ollscoil is mó in Éirinn atá dírithe ar thaighde, agus pobal acadúil éagsúil aici a chomhoibríonn le comhghleacaithe agus le comhpháirtithe i mbreis is 200 tír ar fud an domhain. Is í an eagraíocht cheannródaíoch, go náisiúnta, í le haghaidh taighde atá maoinithe ag an AE, lena n-áirítear dámhachtainí móra ó Chomhairle Taighde na hEorpa agus cuibhreannais mhórscála Horizon Europe. Mar phríomhthosaíocht, cruthaíonn Taighde agus Nuálaíocht UCD na coinníollacha chun go n-éireoidh le taighde den chéad scoth, ag neartú cháil agus seasamh na hOllscoile mar chomhpháirtí iontaofa le haghaidh comhoibriú agus infheistíocht.

Tacaíonn Oifig an Leas-Uachtaráin um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar le spriocanna na hollscoile maidir le taighde agus nuálaíocht a bhaint amach trí thimpeallacht a chothú a mheallann taighde agus nuálaíocht den scoth, agus a chuireann le clú agus cáil UCD chun comhpháirtíocht agus infheistíocht a mhealladh.

Beidh an Cúntóir Pearsanta ina bhall foirne ríthábhachtach laistigh den aonad, a bheidh freagrach as dialann agus riarachán laethúil an Leas-Uachtaráin a bhainistiú agus go bhfeidhmíonn an oifig go héifeachtach.

Mar Chúntóir Pearsanta don Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar, cuirfidh an ról tacaíocht ar fáil chun na spriocanna agus na cuspóirí atá leagtha amach sa phlean straitéiseach a bhaint amach. Déanfaidh sealbhóir an phoist, a thuairiscíonn don Bhainisteoir Ginearálta, riarachán na hoifige a bhainistiú, lena n-áirítear, bainistiú

bhreise dialainne do Stiúrthóir Sinsearach. Chomh maith leis sin, cinnteoidh sealbhóir an phoist go gcloíonn na hoibríochtaí agus na nósanna imeachta go léir le beartais agus dea-chleachtas na hOllscoile. Ina theannta sin, baineann an ról le tacaíocht dhíreach a sholáthar don Bhainisteoir Ginearálta maidir le gníomhaíochtaí soláthair, sonraisc, agus costais a phróiseáil, agus taifid saoire a bhainistiú don aonad.

Agus iad ag obair go dlúth leis an Leas-Uachtarán um Thaighde, Nuálaíocht agus Tionchar agus le Stiúrthóirí an Aonaid, cuirfidh an ceapaí tacaíocht riaracháin riachtanach ar fáil do gach réimse agus gníomhóidh siad mar an chéad phointe teagmhála do gach fiosrúchán laistigh d'oifig Taighde agus Nuálaíochta UCD. Is ról oibríochtúil é seo atá oiriúnach do dhuine a bhfuil taithí acu ar thacaíocht a sholáthar do bhainistíocht shinsearach i dtimpeallacht thar a bheith gnóthach.